

## Ábhar

## An Mhúinteoireacht

### Míreanna Físe

Seán Ó Dubhchon ag labhairt faoin gcúrsa B.Oid.

Mír as an DVD *Tús na Léitheoireachta* (Séideán Sí)

Le caoinhead ón nGúm

### Téacsanna Léitheoireachta

Sliocht as alt le hAlan Titley. *The Irish Times* 13 Deireadh Fómhair 2011

Le caoinhead ón údar agus ó *The Irish Times*

Sliocht as alt le Gráinne Faller. *The Irish Times* 17 Deireadh Fómhair 2011

Le caoinhead ó *The Irish Times*

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.

**Tá na tascanna samplacha seo curtha in oiriúint do mhic léinn B.Oid.**



# An Mhúinteoireacht

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar dhá mhír físe:

- i. Seán Ó Dubhchon, céimí de chuid an B.Oid. i gColáiste Phádraig Droim Conrach, ag labhairt faoina chúrsa.
- ii. Mír físe a cuireadh le chéile chun dea-chleachtas i múineadh na léitheoireachta a léiriú.

Chomh maith leis sin, beidh tú ag léamh sleachta as alt faoi chúrsaí léitheoireachta. Ar dtús, déan an réamhobair thíos.

- Anois agus tú sa bhliain dheireanach de do chúrsa, an mbraitheann tú ullamh chun tabhairt faoi ghairm an mhúinteora? Pléigh.
- Cad iad na rudaí is mó a thaitin leat faoi do chleachtadh múinteoireachta go dtí seo? Cad iad na rudaí is lú a thaitin leat? Pléigh.
- Cad iad na rudaí is dúshlánaí faoin múinteoireacht, dar leat? Pléigh agus déan iarracht na rudaí a roghnaíonn tú a chur in ord.
- Cad atá ar eolas agat faoin dea-chleachtas i múineadh na léitheoireachta?
- An bhfuil sé deacair léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh? Cén fáth?

## Éisteacht agus Léamh

- Féach ar an gcéad mhír físe agus freagair an cheist seo:  

Cad iad na pointí comhairle a thugann Seán?
- Féach ar an dara mír físe agus pléigh conas a léirítear inti an dea-chleachtas maidir le múineadh na léitheoireachta a phléigh tú níos luaithe.
- Léigh an téacs agus scríobh achoimre ar an méid atá á rá sa sliocht, dar leat.

## Feasacht Teanga

- ‘*maíonn* an tAire Oideachais...’

Cén briathar atá sa chló iodálach thuas? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na briathra seo a leanas a chloistear go minic i dtuairiscí nuachta. Ansin cuir in abairtí iad a léireodh a gceart-úsáid.

to assert	to accuse	to refuse
to argue	to defend	to defeat
to emphasise	to acknowledge	to review
to deny	to claim	to criticise

- ‘...síscealta agus saoiscealta agus suiscealta agus soscealta agus sóiscealta agus súiscealta (níos déanaí) agus finscealta agus finnscealta agus fionnscealta agus fionscealta agus feallscealta agus fónscealta (ar ball)...’

Déan cur síos ar thréithe foghraíochta na bhfocal seo:

sí	saoi	suí	
so	só		
fin	finn	fionn	fíon

- Conas a chuirfeá Béarla ar an abairt seo?

Mura litearthacht go léamh, is cinnte nach léamh go leabharlann.

- Féach ar na habairtí thíos. Lig ort go bhfuil tú ag labhairt le grúpa páistí – cuir na habairtí sa mhodh ordaitheach iolra.

dathaigh an pictiúr	tarraing ciorcal
léim suas agus síos	ceangail an corda
bailigh na pinn	ól do dheoch
bain díot do chóta	oscail do leabhar
cas go dtí lch 12	léigh os ard é
can in ard do chinn is do ghutha!	seachain!
ná scréach!	ná hith é sin!
labhair go deas léi	ná habair an focal sin

## Iarobair

- Scríobh alt gearr a bheadh oiriúnach d’iris na mac léinn dar teideal ‘Rinne mé an rogha cheart nuair a roghnaigh mé a bheith i mo mhúinteoir’.
- Cad iad na tréithe atá ag múinteoir gairmiúil? Déan liosta.
- Léigh an sliocht thíos i bhfianaise an méid a phléigh tú faoi thréithe an mhúinteora ghairmiúil.

A third-year B.Ed student from Donegal talks about his experience with social media:

‘I usually change my Facebook name during teaching practice. Last year I used the Irish version of my name but I still got a few adds from students. They were in second class which I don’t think is officially old enough to be on Facebook but there you have it.

‘They’re definitely conscious of it in the college. We’ve had lectures about maintaining your privacy on Facebook and being careful about what people can view. I mean, if students saw a picture of a night out and printed it out or showed it to their parents, it could be serious.

‘You have to be aware of it when applying for jobs. I know of a case where someone went into an interview and the interviewer had printed off a picture of their Facebook page.

‘They were told that their profile picture was inappropriate. Jobs are few and far between so that's how petty employers are going to be now.

‘I personally think that sort of thing is probably fair enough. You have to be aware of your status and you can't be having personal things on show. You have to be careful though. Facebook can change privacy settings without letting you know. It happened last year and I knew nothing about it until someone mentioned to me that I should check it.

‘It'd be a bit of a nightmare if a student came across something and printed it out. As a teacher, certain standards are expected and you have to be careful...

‘That said, everyone in my year is on Facebook. The benefits far outweigh the risks. It's handy too.

‘We have a page where people in the year can swap schemes and lesson plans. It's good in that way.

‘Privacy-wise, there are ways of blocking people off completely. You just have to be sensible about all of this.’

Gráinne Faller, *The Irish Times* 17 Deireadh Fómhair 2011. Le caoinchead ó *The Irish Times*.

- Pléigh na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an sliocht.
  - o ‘...as a teacher, certain standards are expected...’ Cad iad na caighdeáin sin, dar leat?
  - o ‘...the benefits far outweigh the risks...’ An aontaíonn tú?
  - o ‘...they were in second class which I don't think is officially old enough to be on Facebook...’ An aontaíonn tú?
  
- Nuair a bhí tú ar scoil ar léigh tú aon leabhair a raibh ‘gearradh agus beocht’ iontu? Cad iad na tréithe a bhain leis na leabhair sin?

## Téipscript

Déarfainn go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach do mhic léinn sa tríú bliain i mbliana neart... nó sár-iarracht a dhéanamh más féidir céim mhaith a bhaint amach – iarracht a chur isteach ó thaobh cleachtadh múinteoireachta de, ó thaobh na céime mar iomlán agus ó thaobh na Gaeilge chomh maith, mar nuair atá siad cáilithe agus ag cuardach postanna sa bhliain seo chugainn, sin ceann de na rudaí a bheas scoileanna ag faire amach dó mar tá sé cloiste agam – gnáthscoil bíonn timpeall ar 200 CV ag teacht isteach le haghaidh post amháin. Agus bíonn orthu gearradh síos a dhéanamh ar líon na mac léinn nó líon na CVanna. Agus bíonn siad ag féachaint ar rudaí ar nós marcanna don chleachtadh múinteoireachta, marcanna don chéim mar iomlán agus gach rud mar sin. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach go bhfuil rudaí beaga breise ar a dtail ag na mic léinn freisin b'fhéidir – más rud é go bhfuil suim acu sa spórt, i gceol, san ealaín agus go háirithe ó thaobh na nGaelscoileanna de – sa Ghaeilge chomh maith. Agus más féidir leo idirdhealú – nó cineál sult a bhaint as saol na Gaeilge sa choláiste seo agus iarracht a dhéanamh a bheith páirteach ann.

*Agus ar bhraith tú gur réitigh an chéim tú don saol sa seomra ranga?*

Cinnté, ó thaobh na straitéisí múinteoireachta agus ó thaobh pleanáil agus gach rud mar sin, bhí an B.Oid. thar a bheith foirfe agus bhí sé cabhrach ar chuile dhóigh. Ó thaobh na Gaeilge de... agus tá mé féin ag labhairt ó thaobh na Gaelscolaíochta de mar bheinn cineál ag díriú isteach air sin, bhí an cúrsa Gaeilge thar a bheith cabhrach chomh maith ó thaobh na gramadaí le haghaidh cleachtas ranga, agus pleanáil agus gach rud mar sin. Agus ó thaobh na modhanna múinte a bheadh in úsáid sa seomra ranga chun Gaeilge agus chun ábhair eile a mhúineadh do na páistí... ceapaimse gur... d'ullmhaigh sé mise ar aon nós. Ach bíonn an tuairim sin ag an gcuid is mó de na mic léinn ag teacht amach.

*Cad ab ea an ghné... saghas... ba dhúshlánaí den gcúrsa duit?*

Bíonn sé deacair go minic, toisc go bhfuil an oiread sin modúlanna sa chúrsa anseo sa choláiste, bíonn sé deacair gach rud a dhéanamh in éineacht le chéile ach caithfidh tú go díreach suí síos agus plean maith a dhéanamh gach seachtain – gach rud a dhéanamh in am agus iarracht a dhéanamh b'fhéidir léitheoireacht bhreise nó na tionscnaimh agus gach rud mar sin a dhéanamh chomh luath agus is féidir agus nuair atá siad déanta éiríonn sé i bhfad níos fusa agus is féidir leat cineál sult a bhaint as ansin seachas gach rud a fhágáil go dtí an bomaite deireanach agus b'fhéidir naoi dtionscnamh nó deich dtionscnamh a bheith agat i seachtain amháin.

## Téacs

Ceann de chlichés móra na linne é go bhfuil léamh agus litearthacht mhic léinn na tíre dulta siar go mór. Seans go bhfuil ach is beag fianaise atá againn go bhfuil léamh, litearthacht ná loighic na ndaoine a deir a leithéid aon phioc níos fearr.

Maíonn an tAire Oideachais, Scileanna, Traenála, Eolaíochta, Feabhais, Ceirde, Foghlama, Oiliúna agus eile (ag brath ar cad é an t-idéal is déanaí atá ag na daoine a scrios an tír) go gcaithfead feabhas thar cuimse a chur ar litearthacht ár gcuid páistí. Tá slí nua aige leis sin a dhéanamh, is é sin, nó eadhon, gearradh siar a dhéanamh ar bhuiséad leabharlainne scoileanna. Mura litearthacht go léamh, is cinnte nach léamh go leabharlann.

De réir na dispeansáide nua seo foghlaimeofar scileanna léitheoireachta, agus sealbhóidh na daltaí na scileanna seo chucu féin, agus clasóidh siad chun a n-ucht a iad, ach níl aon deimhne ann go léifidh siad giob nó pioc nó a dhath ar bith, mar ní chuirfead tada le Dia os a gcomhair le léamh.

Bhuel, tá seans ann go gcuirfead polasaí polaitíochta os a gcomhair, nó cuntas bainc, nó tuarascáil rialtais, nó rialacha an bhóthair, nó conas císte a dhéanamh, nó toradh bhinse fiosrúcháin, nó teoracha ríomhaireachta, nó conas bréagán a chur le chéile maidin Nollag, ach ar chúis éigin nach dtuigim go hiomlán, ní chuireann siad sin aon aibhléis ar fiuchadh in intinn pháiste.

Ar chúis eile nach dtuigim go hiomlán is rudaí amaideacha páistiúla gan dealramh ar nós síscéalta agus saoiséalta agus suiscéalta agus soscéalta agus sóscéalta agus súscéalta (níos déanaí) agus finscéalta agus finnscéalta agus fionnscéalta agus fionscéalta agus feallscéalta agus fónscéalta (ar ball) a chuireann daoine óga a fhulaingíonn teagasc litearthachta suim iontu.

Is í an t-aon tslí amháin atá ann le feabhas a chur ar litearthacht ná n-óg, ná iad a chur ag léamh. Is é a chuirfidh ag léamh iad ná rud éigin a bhfuil gearradh agus beocht ann.

Alan Titley. *The Irish Times*: 13 Deireadh Fómhair 2011. Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ón údar.